

Teicneolaíocht



Is éard atá i gceist sa Teicneolaíocht go mórmhór ná próiseas an dearaidh a úsáid chun fadhbanna teicneolaíocha a réiteach. Sa Teicneolaíocht, bainfidh tú úsáid as an bpróiseas dearaidh chun oibriú ar thasc nó ar fhadhb agus chun teacht ar réiteach a bheidh i bhfoirm déantáin nó táirge deiridh de ghnáth. Foghlaimeoidh tú conas na huirlisí, na hábhair agus an trealamh a bheidh riachtanach chun an táirge seo a dhéanamh a úsáid go sábháilte.

Cad a bheidh le foghlaim agam sa Teicneolaíocht?

Seo cuid de na rudaí a fhoghlaiméoidh tú:

- tuiscint agus meas ar an dearadh agus ar phróiseas an dearaidh
- conas úsáid a bhaint as na uirlisí agus an trealamh a theastóidh chun tionscadail a dhéanamh ar bhealach sábháilte
- tuiscint ar ábhair éagsúla, ar a n-airíonna agus ar an gcaoi is fearr le dul i mbun oibre leo, m.sh. le hadhmad, le miotail agus le plaistigh.
- conas comhphárteanna leictreonacha a úsáid chun ciorcaid shimplí a dhéanamh mar chuid de thascanna agus tionscadail, m.sh. oibriú bréagán mheicniúil, srl.

Conas a fhoghlaiméoidh mé an Teicneolaíocht ar scoil?

Seo cuid de na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh leis an múinteoir agus leis an rang:

- féachaint ar ról na teicneolaíochta sa domhan ina mairimid
- conas uirlisí agus trealamh a úsáid go sábháilte
- conas raon ábhar éagsúla agus a n-airíonna a aithint
- úsáid a bhaint as an bpróiseas dearaidh chun réiteach teicneolaíochta a fháil ar fhadhb
- do chuid smaointe a chur in iúl i bhfoirm sceitsí agus líníochtaí dearaidh
- foghlaim faoi mheicníochtaí ar nós gearanna agus an chaoi a n-oibríonn siad.



Conas a d'fhéadfainn níos mó a fhoghlaim faoin Teicneolaíocht lasmuigh den scoil?

Seo cuid de na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh:

- féachaint ar na slite ina n-úsáidtear an teicneolaíocht sa saol laethúil
- comhphárteanna agus fearais teicneolaíochta a scrúdú chun an chaoi a oibríonn siad a dhéanamh amach
- an t-idirlíon a úsáid chun go bhfeicfidh tú an chaoi a oibríonn teicneolaíochtaí éagsúla.



Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil ag éirí liom sa rang?

Inseoidh do mhúinteoir duit:

- cá háit a bhfuil ag éirí go maith leat
 - an chaoi le feabhas a chur ar do chuid oibre.
- Rudaí eile a d'fhéadfá a dhéanamh:
- féachaint an féidir leat a dhéanamh amach an chaoi a oibríonn roinnt fearas simplí teicneolaíochta agus í sin a mhíniú do dhaoine eile. Taispeánfaidh sé sin duit an méid a thuigeann tú go maith agus an méid nár mhór féachaint air arís.
 - comparáid a dhéanamh idir tionsadail a rinne tú sa chéad agus sa dara bliain agus tionscadail a rinne tú níos déanaí go bhfeicfidh tú an feabhas atá tagtha ar do scileanna le himeacht aimsire

Cén sórt scrúdaithe atá ann don Teicneolaíocht sa Teastas Sóisearach?

Tá dhá chuid sa scrúdú:

- obair an chúrsa – dearfaidh agus déanfaidh tú tionscadal bunaithe ar threoracha dearaidh tugtha. Is fiú 50% de mharcanna é ag an Ardleibhéal agus 60% ag an nGnáthleibhéal.
- scrúdú scríofa – déanfaidh tú scrúdú scríofa freisin ar fiú an chuid eile de na marcanna é. Is féidir an scrúdú a dhéanamh ag an Ardleibhéal nó ag an nGnáthleibhéal. In am trátha, cabhróidh an múinteoir leat an leibhéal is fearr a oireann duit a roghnú.

An mbeidh na rudaí a fhoghlaiméidh mé sa Teicneolaíocht cosúil leis na rudaí a d'fhoghlaim mé sa bhunscoil?

I dTeicneolaíocht an Teastais Shóisearaigh, beidh tú ag tógáil ar chuid de na rudaí a rinne tú sa Mhatamaitic ar bhunscoil. Mar shampla, beidh tú ag ceapadh réiteach ar fhadhbanna agus ag léamh tomhas ar líníochtaí. Beidh na rudaí a d'fhoghlaim tú san Eolaíocht ar bhunscoil úsáideach duit chomh maith. Mar shampla, d'fhoghlaim tú mar gheall ar ábhair éagsúla agus an úsáid a bhaintear astu. Beidh rudaí deartha agus déanta agat mar réiteach ar fhadhbanna chomh maith. Beidh an fhoghlaim seo ar fad úsáideach sa Teicneolaíocht.



An mbeidh aon bhaint ag an Teicneolaíocht leis na hábhair eile a dhéanfaidh mé?

Beidh. Tá dlúthghaol idir an Teicneolaíocht agus na trí ábhar teicneolaíochta eile: Teicneolaíocht Ábhar Adhmad (TÁA), an Mhíotalóireacht agus an Ghrafaic Theicniúil. Tá scileanna praiticiúla, scileanna líníochta agus teoiric i gceist sna hábhair theicneolaíochta ar fad. Tá naisc ag Eolaíocht agus ag Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh leis an Teicneolaíocht freisin.

An mbeidh an Teicneolaíocht an-difriúil tar éis an Teastais Shóisearaigh?

Leanann Teicneolaíocht na hArdteistiméireachta as Teicneolaíocht an Teastais Shóisearaigh agus tugadh isteach í i roinnt scoileanna. Cuireann sí le cuid mhaith de na topaicí a chlúdaítear sa tsraith shóisearach agus déantar mionstaidéar orthu. Tá obair tionscadail mar chuid de scrúdú na hArdteistiméireachta freisin.

Conas a chabhróidh an Teicneolaíocht liom?

Cabhróidh an Teicneolaíocht leat réiteach a fháil ar mhórchuid fadhbanna sa saol laethúil. Múineann an t-ábhar seo duit conas fadhb a mheas agus réiteach a cheapadh air. Múinfidh sé duit chomh maith conas bunuirlisí agus buntrealamh a úsáid. Beidh tú ábalta mórán cineálacha difriúla ábhar a aithint agus beidh tuiscint bhunúsach agat ar chiorcaid leictreonacha agus ar chórais ghíarála.



Gheobhaidh tú eolas faoin gcúrsa Teicneolaíochta anseo: www.curriculumonline.ie

Gheobhaidh tú eolas faoi scrúdú an Teastais Shóisearaigh anseo

www.examinations.ie

Gheobhaidh tú eolas ar an teicneolaíocht anseo:

www.scoilnet.ie

Tá an bhileog fíricí seo agus bileoga fíricí eile ar fáil le híoslódáil ag www.ncca.ie

 **NCCA** National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

24 Cearnóg Muirfean, Baile Átha Cliath 2 | Tel: + 353-1-6617177